



Eleathanach 406



Dé Luain, an 14 Márta 2022

Cogadh idir an Rúis agus an Úcráin

Thosaigh an cogadh idir an Rúis agus an Úcráin ar an 24 Feabhra 2022. Fuair a lán daoine bás san Úcráin ó thosaigh an cogadh.

Agus an cogadh ag druidim leis an 12ú lá, lean an Rúis ag ionsaí na hÚcráine san oíche agus í ag díriú ar áiteanna ina raibh gnáthdhaoine ina gcónaí.

Bhí rialtais na hÚcráine agus na Rúise le teacht le chéile Dé Luain sa Bhealarúis le haghaidh an tríú babhta de chainteanna.

Tá an troid fós ag dul ar aghaidh inniu agus tá an-chuid de mhuintir na hÚcráine i mbaol. Is cúis mhór bhróin í seo. Ní mór dúinn go léir cuidiú le muintir na hÚcráine chomh mór agus is féidir linn.

Bosca Leabharlaine ó Laureate na nÓg


Is scríbhneoir Gaeilge í Áine Ní Ghlinn. Scríobhann sí filíocht agus leabhair do pháistí agus do dhaoine fásta. Is í Áine Laureate na nÓg anseo in Éirinn.

Tá sprioc aici léitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn, agus ba mhaith léi go mbeadh paistí ag baint taitneamh as leabhair Ghaeilge.

Chuige sin, in éineacht le *Children's Books Ireland*, shocraigh sí an scéim *Bosca Leabharlaine* a chur ar bun. Sa bhosca, tá pictiúrleabhair, scéalta agus úrscéalta do pháistí bunscoile. Bhí deis ag scoileanna iarratas a sheoladh chun bosca a fháil agus anois tá 2,200 *Bosca Leabharlaine*, le 55,000 leabhar ag dul chuig scoileanna ar fud na tíre.

Chaith Áine Ní Ghlinn a lán ama ag roghnú na leabhar. D'oibrigh sí leis an Dr. Claire Dunne chun leabhrán le cluichí agus gníomhaíochtaí bunaithe ar na leabhair a chruthú.

An Bosca Leabharlaine



Peileadóir sa Phríosún

Sa chúirt, an mhí seo caite, dúirt an breitheamh go raibh Daniel O'Callaghan ciontach as roinnt ATM a ghoid sa Chabhán agus i Muineachán in 2018 agus 2019.

Tá Daniel 32 bliain d'aois. Is as Crois Mhic Liónáin, contae Ard Mhacha, dó. Bhuaigh sé trí chraobhchomórtas Chlubanna na hÉireann.

Ghearr an breitheamh deich mbliana sa phríosún ar Daniel as páirt a ghlacadh sna robálacha. Ghoid Daniel agus daoine eile na céadta míle euro.

Ghearr breitheamh téarma príosúin ar thriúr deartháireacha as contae Muineacháin an tseachtain seo caite mar gur ghlac siad páirt sna robálacha. Ghlac daoine eile páirt sna robálacha ach níor rug na gardaí orthu fós.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilteachta & Gaelscoláiochta

